



AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 26.7.2013
COM(2013) 554 final

2013/0268 (COD)

Togra le haghaidh

RIALACHÁIN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

**lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1215/2012 maidir le dlínse agus le haithint agus
forghníomhú breithiúnas in ábhair shibhialta agus tráchtála**

MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

1. COMHTHÉACS AN TOGRA

1.1. Comhthéacs ginearálta

Is rialacha lena gcinntear dlínse idirnáisiúnta chúirteanna na mBallstát agus rialacha lena dtoirmiscear imeachtaí comhthreomhara os comhair cúirteanna i mBallstáit dhifriúla a leagtar amach le Rialachán (CE) Uimh. 44/2001 ón gComhairle maidir le dlínse agus maidir le haithint agus forghníomhú breithiúnas in ábhair shibhialta agus tráchtála ("Rialachán na Buiséile I"). Leagtar síos ann freisin rialacha maidir le haithint agus maidir le forghníomhú breithiúnas cúirteanna naisiúnta i mBallstáit eile. Clúdaíonn sé, i dteannta ábhair eile, an dlíthíocht maidir le cearta maoine intleachtúla, lena n-áirítear paitinní. An 12 Nollaig, glacadh Rialachán (AE) Uimh. 1215/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le dlínse agus le haithint agus forghníomhú breithiúnas in ábhair shibhialta agus tráchtála¹ ("Rialachán na Buiséile I (athmhúnlú)") lena n-athmhúnláítear Rialachán (CE) Uimh. 44/2001 ón gComhairle. Tiocfaidh feidhm le Rialachán (AE) Uimh. 1215/2012 ar an 10 Eanáir 2015.

Thángthas ar chomhaontú i mí na Nollag 2012 ar "pacáiste na bpaitinní" mar a thugtar air – tionscnamh reachtach ina bhfuil dhá Rialachán² (Rialacháin Aontaithe na bPaitinní) agus Comhaontú idirnáisiúnta ("Comhaontú maidir le Cúirt Aontaithe na bPaitinní" nó "Comhaontú CAP"), lena réitítear an bealach chun cosaint aonadach phaitinne a chruthú san Aontas Eorpach.

Glacadh Rialacháin Aontaithe na bPaitinní faoi chomhar feabhsaithe lena n-áirítear 25 Ballstát (gach Ballstát ach an Iodáil agus an Spáinn). Shínigh formhór na mBallstát an Comhaontú CAP ar an 19 Feabhra 2013. Nuair a thiocfaidh na Rialacháin i bhfeidhm, beifear ábalta paitinn Eorpach le héifeacht aonadach a fháil – teideal dleathach lena n-áirithítear cosaint aonfhoirmeach d'aireagán ar fud 25 Ballstát – ar bhonn ionaid ilfhreastail, lena gcuirfear buntáistí ar fáil agus lena laghdófar ualaí riaracháin.

Foráiltear le hAirteagal 89(1) de Chomhaontú CAP nach bhféadfaidh an Comhaontú teacht i bhfeidhm roimh theacht i bhfeidhm do na leasuithe ar Rialachán na Buiséile I (athmhúnlú) lena rialaítear an gaol idir an dá ionstraim. Tá dhá chuid san aidhm atá leis na leasuithe seo. Ar an gcéad dul síos, díritear ar chomhsheasmhacht idir Chomhaontú CAP agus Rialachán na Buiséile I (athmhúnlú), agus ar an dara dul síos, ar shaincheist na rialacha dlínse vis-à-vis cosantóirí i stáit nach Stáit den Aontas Eorpach iad.

Ar an 15 Deireadh Fómhair 2012, shínigh na trí Bhallstát, ar pháirtithe conarthacha iad i gConradh an 31 Márta 1965 maidir le bunú agus reacht Chúirt Bhreithiúnais Benelux, Prótacal lena modhnaítear an Conradh sin. Cúirt choiteann don Bheilg, Lucsamburg agus an Ísiltír atá i gCúirt Bhreithiúnais Benelux a bhfuil mar chúram uirthi rialacha atá i gcoiteann ag Ballstáit Benelux a chur i bhfeidhm go haonfhoirmeach mar a bhaineann le hábhair éagsúla ar nós cearta maoine intleachtúla (go háirithe cineálacha ar leith ceart a bhaineann le trádmharcanna, samhlacha agus dearáí). Suas go dtí an lá atá inniu ann, réamhrialuithe a

¹ IO L 351, 20. 12. 2012, lch. 1.

² Rialachán (AE) Uimh. 1257/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena gcuirtear comhar feabhsaithe chun feidhme sa réimse a bhaineann le cosaint aonadach phaitinne a chruthú, IO L X; Rialachán (AE) Uimh. 1260/2012 ón gComhairle lena gcuirtear comhar feabhsaithe chun feidhme sa réimse a bhaineann le cosaint aonadach phaitinne a chruthú maidir leis na ceanglais aistriúcháin is infheidhme, IO L

thabhairt maidir le léirmhíniú na rialacha sin a bhíonn mar chúram ar Chúirt Benelux den chuid is mó. Cruthaítear le Prótacal 2012, áfach, an fhéidearthacht cur leis na hinniúlachtaí dlínse atá ag Cúirt Bhreithiúnais Benelux agus inniúlachtaí dlínse in ábhair shonracha a thagann faoi raon feidhme Rialachán na Buiséile I a thabhairt di. Féadfar an t-athrú sin a dhéanamh trí leasú a dhéanamh ar na comhaontuithe ar leith idir Bhallstáit Benelux ar ábhair shonracha; d'aistreofaí leis an leasú seo dlínse ó na cúirteanna náisiúnta go Cúirt Bhreithiúnais Benelux. Dá thoradh sin, cosúil le Comhaontú CAP, is é a cheanglaítear leis an bPrótacal a ghabhann le Conradh Benelux leasú a dhéanamh ar Rialachán na Buiséile I (athmhúnlú) chun comhsheasmhacht a áirithiú idir Chomhaontú CAP agus Rialachán na Buiséile I (athmhúnlú) agus aghaidh a thabhairt ar an easpa comhrialacha dlínse vis-à-vis cosantóirí i Stáit nach bhfuil ina gcuid den Aontas Eorpach.

1.2. Forais agus cuspóirí an togra

Is é is aidhm don togra seo, ar an gcéad dul síos, ligean do Chomhaontú CAP teacht i bhfeidhm. Foráiltear le hAirteagal 89(1) de Chomhaontú CAP go mbraithfidh teacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe ar leasú Rialachán (CE) Uimh. 1215/2012. Ina theannta sin, díríonn an togra ar chomhsheasmhacht le Rialachán na Buiséile I agus leis an bPrótacal a ghabhann le Conradh Benelux 1965.

Is é a bheidh i gCúirt Aontaithe na bPaitinní cúirt atá i gcoiteann ag Ballstáit áirithe agus beidh sí faoi réir ag na hoibligeáidí céanna le cúirt náisiúnta ar bith maidir le dlí an Aontais. Beidh inniúlacht eisiach ag Cúirt Aontaithe na bPaitinní, agus glacfaidh sí ionad na gcúirteanna náisiúnta, maidir le hábhair atá faoi réir ag Comhaontú CAP. Trí bhithin Comhaontú CAP a rialaítear dáileadh inmheánach inniúlachtaí idir na rannáin dhifriúla i gCúirt Aontaithe na bPaitinní agus a fhorfheidhmítear na breithiúnais ó Chúirt Aontaithe na bPaitinní sna Ballstáit ar Páirtithe Conarthacha iad. Cúirt choiteann do Bhallstáit éagsúla atá i gCúirt Bhreithiúnais Benelux chomh maith céanna agus beidh inniúlachtaí dlínse aici in ábhair arna sainiú ag na Ballstáit lena mbaineann ar Páirtithe Conarthacha iad.

D'fhonn cur chun feidhme comhcheangailte agus comhleanúnach an Chomhaontaithe, an Phrótacail agus Rialachán na Buiséile I (athmhúnlú) thuasluaite a áirithiú is gá aghaidh a thabhairt ar na ceistanna seo a leanas atá i Rialachán na Buiséile I (athmhúnlú):

1. Soiléiriú a thabhairt i dtéacs an Rialacháin gur 'cúirteanna' de réir bhrí Rialachán na Buiséile I iad Cúirt Aontaithe na bPaitinní agus Cúirt Bhreithiúnais Benelux;
2. Soiléiriú a thabhairt maidir le hoibriú na rialacha ar dhlínse maidir le Cúirt Aontaithe na bPaitinní agus Cúirt Bhreithiúnais Benelux a mhéid a bhaineann sé le cosantóirí a bhfuil sainchónaí orthu i mBallstáit. Rialacha aonfhoirmeacha a chruthú don dlínse idirnáisiúnta vis-à-vis cosantóirí ó thríú Stát in imeachtaí in aghaidh cosantóirí dála na gcosantóirí sin a thugtar os comhair Chúirt Aontaithe na bPaitinní agus Chúirt Bhreithiúnais Benelux i gcásanna nach bhforáiltear le Rialachán na Buiséile I do rialacha mar iad ach go gcuirtear iad os comhair an dlí náisiúnta;
3. Cur i bhfeidhm na rialacha maidir le *lis pendens* agus caingne gaolmhara a shainiú i dtaobh Chúirt Aontaithe na bPaitinní agus Chúirt Bhreithiúnais Benelux ar thaobh amháin agus cúirteanna náisiúnta na mBallstát nach Páirtithe Conarthacha iad sna comhaontuithe idirnáisiúnta faoi seach ar an taobh eile. Sainiú a dhéanamh chomh maith ar oibriú na rialacha sin le linn na hidirthréimhse dá dtagraítear in Airteagal 83(1) de Chomhaontú CAP; agus

4. Oibriú na rialacha i ndáil le haithint agus forghníomhú a shoiléiriú maidir leis an gcaidreamh idir Ballstáit ar Páirtithe Conarthacha iad agus Ballstáit nach Páirtithe Conarthacha iad sna comhaontuithe idirnáisiúnta faoi seach.

Tugtar míniú sonrach ar na ceisteanna a bhfuil aghaidh le tabhairt orthu i bpointe 3 thíos ("Eilimintí dlí an togra").

2. TORTHAÍ AN CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS MEASÚNUITHE TIONCHAIR

Rinneadh comhairliúchán forleathan sula rinneadh pacáiste na bpaitinní a ghlacadh. Thaispeáin an comhairliúchán sin go bhfuil tacaíocht fhorleathan ann ní hamháin do phaitinní aontaithe ach do chóras dlínse aontaithe a bhunú chomh maith. Foráiltear leis an togra reatha gur féidir le Comhaontú CAP a theacht i bhfeidhm, mar a fhoráiltear in Airteagal 89(1) den Chomhaontú sin. Os rud é, i gcás an Phrótacail lena modhnaítear Conradh 1965 ar Chúirt Bhreithiúnais Benelux, go n-ardaítear ceisteanna ann atá mar an gcéanna leis na ceisteanna a ardaítear i gComhaontú CAP, is ceart an dá leasú a dhéanamh ag an am céanna. A mhéid a bhaineann sé le rialacha dlínse *vis-à-vis* cosantóirí ó thríú Stát, rinneadh measúnú forleathan ar an ábhar seo i measúnú tionchair an Choimisiúin a ghabhann leis an togra reachtach lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 44/2001 ón gComhairle maidir le dlínse agus maidir le haithint agus forghníomhú breithiúnas in ábhair shibhialta agus tráchtála ("An Bhruiséil I")³. Bhain an measúnú seo le comhchuibhiú na dlínse *vis-à-vis* cosantóirí ó thríú Stát go ginearálta. Tá conclúidí an mheasúnuithe sin ábhartha *a fortiori* don chomhchuibhiú teoranta a fhoráiltear sa togra seo.

3. EILIMINTÍ DLÍ AN TOGRA

Seo a leanas na leasuithe atá molta ar Rialachán na Bruiséile I (athmhúnlu):

- Forálacha a thugann aghaidh ar an ngaol idir Comhaontú CAP agus an Prótacal a ghabhann le Conradh 1965 ar Chúirt Bhreithiúnais Benelux, ar an taobh amháin, agus Rialachán na Bruiséile I ar an taobh eile;
- Forálacha lena gcomhlánaítear rialacha dlínse aonfhoirmeacha maidir le cosantóirí tríú Stát i ndíospóidí sibhialta agus tráchtála a thugtar os comhair Chúirt Aontaithe na bPaitinní agus Chúirt Bhreithiúnais Benelux in ábhair arna gcumhdach ag Comhaontú CAP nó ag an bPrótacal a ghabhann le Conradh Benelux 1965.

Comhcheanglaítear na leasuithe i gceithre fhoráil nua, Airteagal 71a go dtí Airteagal 71d de Rialachán na Bruiséile I.

3.1. Cúirt Aontaithe na bPaitinní agus Cúirt Bhreithiúnais Benelux a áireamh go sainráite mar 'cúirteanna' de réir bhrí Rialachán na Bruiséile I (athmhúnlu)

De thoradh dheighilt inmheánach na n-inniúlachtaí laistigh de Chúirt Aontaithe na bPaitinní, d'fhéadfadh cosantóir a bheith os comhair rannáin nach mbeadh lonnaithe sa Bhallstát atá ainmnithe de réir rialacha Rialachán na Bruiséile I. Mar shampla, d'fhéadfaí cosantóir ón Ísiltír a bhfuil súil aige bheith faoi agairt san áit a bhfuil sainchónaí air de bhun Airteagal 4(1) de Rialachán na Bruiséile I (athmhúnlu) a thabhairt os comhair an rannáin inniúil lárnaigh, réigiúnaigh nó áitiúil a d'fhéadfadh a bheith lonnaithe sa Fhrainc, sa Ghearmáin, nó sa Ríocht Aontaithe (nó aon Bhallstát eile, ag brath ar an áit a bhunófar na rannáin réigiúnacha agus áitiúla). Tá sé seo ábhartha leis nuair atá sainchónaí nó cónaí ar an gcosantóir go rialta i

³ SEC(2010) 1547 críochnaitheach an 14.12.2010.

mBallstát nach Páirtí Conarthach de Chomhaontú CAP é (e.g. bhí ar cheadúnaí a raibh sainchónaí air sa Spáinn oibleagáid a fheidhmiú faoin aontú ceadúnais san Ísiltír; tugadh imeachtaí os comhair an rannáin lárnaigh sa Ghearmáin seachas san Ísiltír mar an t-ionad ina raibh an oibleagáid le feidhmiú). Chomh maith céanna, de thoradh inniúlachtaí a bheith aistrithe go dtí Cúirt Bhreithiúnais Benelux, d'fhéadfadh cosantóir, lena n-áirítear cosantóirí ó Bhallstát Neamhchonarthach, bheith os comhair cúirte nach mbeadh lonnaithe i mBallstát na cúirte a ainmníodh i rialacha Rialachán na Buiséile I. Cé go gceadaítear coinbhinsiúin maidir le hábhair áirithe atá ann cheana le hAirteagal 71 de Rialachán na Buiséile I, ní cheadaítear aon choinbhinsiún nua den chineál sin. Dá thoradh, is gá a shoiléiriú gur cheart glacadh le Cúirt Aontaithe na bPaitinní agus Cúirt Bhreithiúnais Benelux mar chúirteanna Ballstáit sa chiall atá i Rialachán na Buiséile I, agus d'áiríteofaí, sa tslí sin, go bhfuil feidhm iomlán ag an Rialachán maidir leis na cúirteanna sin.

Ní thugtar sainmhíniú ar an téarma "cúirt" i Rialachán na Buiséile I (athmhúnlú). In Airteagal 3, cuimsítear údarais áirithe faoin gcoincheap "cúirt" chun Rialachán na Buiséile I a fheidhmiú. Tugtar soiléiriú in Aithris 11, áfach, gur cheart cúirteanna agus binsí fiosraithe is coiteann ag roinnt Ballstát a thuiscint ón mbrí a ghabhann leis an téarma "cúirt". Tagraíonn Aithris 11 go sonrach do Chúirt Bhreithiúnais Benelux nuair a fheidhmíonn se dlínse in ábhair a thagann faoi raon feidhme Rialachán na Buiséile I. Soiléirítear le hAithris 11 gur cheart breithiúnais ó chúirteanna den sórt sin a aithint agus a fhorghníomhú i gcomhréir leis an Rialachán sin. Ach, ní bhíonn aithrisí ceangailteach agus ní féidir go leor deimhneachta dlíthiúla a áirithiú go gcomhlíonann na comhaontuithe idirnáisiúnta faoi seach Rialachán na Buiséile I (athmhúnlú), go háirithe Airteagal 71 de. Tá leasú dlíthiúil sonrach ag teastáil dá bhrí sin. Leanann an leasú seo an cur chuige a bhí ag an nótaire Ungáireach agus an tÚdarás Forfheidhmiúcháin Sualannach in Airteagal 3 den Rialachán sin; cuimsítear go sonrach Cúirt Aontaithe na bPaitinní agus Cúirt Bhreithiúnais Benelux sa choincheap "cúirt" sa Rialachán. Ar mhaithe le bheith soléite, comhcheanglaítear na hathruithe riachtanacha go léir, a bhaineann le Comhaontú Chúirt Bhreithiúnais Benelux agus Comhaontú CAP, i gceithre fhoráil nua (Airteagal 71a go hAirteagal 71d).

Trí shoiléiriú a dhéanamh maidir le Cúirt Aontaithe na bPaitinní agus Cúirt Bhreithiúnais Benelux a aithint mar "chúirteanna" de réir bhrí Rialachán na Buiséile I (athmhúnlú), áiríteofar gur Rialachán na Buiséile I a chinnefidh dlínse idirnáisiúnta na gcúirteanna seo; áiríteofar, go háirithe, go bhféadfaidh cosantóirí a mbeadh súil acu bheith faoi agairt i mBallstát ar leith de bhun rialacha Rialachán na Buiséile I bheith faoi agairt os comhair rannáin de Chúirt Aontaithe na bPaitinní nó os comhair Chúirt Bhreithiúnais Benelux atá lonnaithe i mBallstát eile seachas sna cúirteanna náisiúnta atá ainmnithe de bhun Rialachán na Buiséile I. Ar mhaithe le deimhneacht dhlíthiúil agus intuarthacht do chosantóirí ceanglaítear go leagfaí amach an t-athrú dlínse críche go soiléir i dtéacs Rialachán na Buiséile I.

3.2. Oibriú na rialacha dlínse maidir le Cúirt Aontaithe na bPaitinní agus Cúirt Bhreithiúnais Benelux ar thaobh amháin agus cúirteanna na mBallstát nach Páirtithe Conarthacha iad i gComhaontú CAP nó sa Phrótacal a ghabhann le Conradh Benelux 1965 ar an taobh eile

D'fhonn trédhearcacht iomlán a chruthú maidir le cur chun feidhme comhcheangailte agus comhleanúnach na gcomhaontuithe idirnáisiúnta faoi seach agus Rialachán na Buiséile I (athmhúnlú), ba cheart go ndéanfaí forordú sa Rialachán sin maidir leis an tslí a dtéann rialacha dlínse Rialachán na Buiséile (athmhúnlú) i bhfeidhm maidir le Cúirt Aontaithe na bPaitinní agus Cúirt Bhreithiúnais Benelux, amhail an tionchar atá ag Airteagal 71 de Rialachán na Buiséile I (athmhúnlú) ar choinbhinsiúin idirnáisiúnta eile ar ábhair áirithe. Faightear soiléirithe cosúla chomh maith, mar shampla, in Airteagal 64 agus Airteagal 67 de

Choinbhinsiún Lugano 2007 maidir le dlínse agus maidir le haithint agus forghníomhú breithiúnas in ábhair shibhialta agus tráchtála.

Leis an riail nua in Airteagal 71b, forordaítear le mír 1 go mbeidh dlínse ag Cúirt Aontaithe na bPaitinní agus ag Cúirt Bhreithiúnais Benelux aon uair a bheadh dlínse ag cúirt náisiúnta ceann de na Ballstáit ar Páirtithe Conarthacha iad bunaithe ar rialacha Rialachán na Buiséile I. *A contrario*, ní bheidh dlínse ag Cúirt Aontaithe na bPaitinní agus Cúirt Bhreithiúnais Benelux nuair nach mbíonn dlínse ag aon chúirt náisiúnta de Bhallstát Conarthach de bhun Rialachán na Buiséile I (mar shampla, nuair a bheadh dlínse de bhun Rialachán na Buiséile I ag cúirteanna i mBallstát Neamhchonarthach).

3.3. Comhlánú na rialacha dlínse a bhaineann le cosantóirí tríú Stát

Foráiltear in Airteagal 31 de Chomhaontú CAP go mbunófar dlínse idirnáisiúnta Chúirt Aontaithe na bPaitinní i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 1215/2012 nó, nuair is infheidhme, de bhun an Choinbhinsiúin maidir le dlínse agus maidir le haithint agus forghníomhú breithiúnas in ábhair shibhialta agus tráchtála (Coinbhinsiún Lugano). Ach, sa mhéid is a chinntear dlínse le Rialachán na Buiséile I (athmhúnlú) agus Coinbhinsiún Lugano 2007 trí thagairt do dhlí náisiúnta (féach Airteagal 6 den Rialachán sin agus Airteagal 4 de Choinbhinsiún Lugano), níl sé cinntithe cé na rialacha is ceart feidhm a bheith leo chun dlínse cúirteanna atá i gcoiteann ag roinnt Ballstát a chinneadh, m.sh. Cúirt Aontaithe na bPaitinní agus Cúirt Bhreithiúnais Benelux. De bhreis air sin, dá dtagrú do dhlí náisiúnta amháin thar dhlí náisiúnta eile i gcás rannáin éagsúla Chúirt Aontaithe na bPaitinní, chruthófaí rochtain éagothrom ar cheartas i gcóras dlínse aontaithe nach bhféadfaí a chúiréasúnú ar aon chúis oibiachtúil.

Tá aghaidh tugtha ar fhadhb den chuma chéanna sa Rialachán maidir le Trádmharcanna atá ann cheanna (Rialachán (CE) Uimh. 44/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le trádmharc Comhphobail) agus sa Rialachán maidir le Dearaí (Rialachán (CE) Uimh. 6/2002 maidir le dearáí Comhphobail), a bhfuil foireann iomlán rialacha aonfhoirmeacha ar dhlínse iontu araon *vis-à-vis* cosantóirí tríú Stát.

Tá sé riachtanach, dá bhrí sin, na rialacha dlínse de Rialachán na Buiséile I (athmhúnlú) a chomhlánú i gcás ábhair a thiocfaidh faoi inniúlacht Chúirt Aontaithe na bPaitinní agus Chúirt Bhreithiúnais Benelux a mhéid a bhaineann sé le cosantóirí a bhfuil sainchónaí orthu i Stáit nach bhfuil ina gcuid den Aontas Eorpach. Is ann do rialacha dlínse aonfhoirmeacha cheana i gcásanna áirithe (ar nós dlínse eisiach i ndáil le clárú agus bailíocht paitinní, rogha comhaontuithe cúirte), ach níl sé fíor i gcásanna eile (ar nós imeachtaí um shárú ar phaitinní, comhaontuithe ceadúnúcháin nuair nach bhfuil rogha cúirte ann).

I mír 2 d'Airteagal 71b den togra nua, dá bhrí sin, cuirtear díospóidí ina bhfuil cosantóirí tríú Stát a bhfuil sainchónaí orthu i dtríú Stát faoi rialacha dlínse an Rialacháin. De bhreis air sin, áirithítear an dlínse atá ag Cúirt Aontaithe na bPaitinní agus Cúirt Bhreithiúnais Benelux bearta sealadacha a eisiúint, lena n-áirítear bearta cosanta fiú nuair atá dlínse ag na cúirteanna i dtríú Stát maidir le substaint an ábhair. Beidh feidhm leis an síneadh sin gan dochar do Chomhaontú 2005 idir an Comhphobal Eorpach agus Ríocht na Danmhairge maidir le dlínse agus maidir le haithint agus forghníomhú breithiúnas in ábhair shibhialta agus tráchtála, lena rialaítear cheana féin cás cosantóirí Danmhargacha, agus Coinbhinsiún Lugano 2007 ar an ábhar céanna lena rialaítear cheana féin an cás le cosantóirí ón Eilbhéis, an Iorua agus an Íoslainn.

De thoradh an tsínte seo, áiritheofar rochtain ar Chúirt Aontaithe na bPaitinní agus ar Chúirt Bhreithiúnais Benelux i gcásanna nach bhfuil sainchónaí ar an gcosantóir i mBallstát AE, ar an mbonn go n-áirithítear rochtain i gcásanna a bhfuil sainchónaí ar an gcosantóir i mBallstát

AE. Ina theannta sin, áirithítear an rochtain sin is cuma cén chéim nó cén rannán de Chúirt Aontaithe na bPaitinní a bhfuil an t-éileamh os a comhair.

Ina theannta sin, bunaítear fóram amháin breise eile le mír 3 d'Airteagal 71b, sin fóram do dhóspóidí a bhaineann le cosantóirí a bhfuil sainchónaí orthu lasmuigh den AE. Déantar foráil sa togra gur féidir agairt ar chosantóir neamh-AE san áit a bhfuil sócmhainní sochorraithe dá chuid suite, ar chuntar nach bhfuil luach na sócmhainní sin ar neamhluach i gcomparáid le luach an éilimh agus go bhfuil baint leordhóthanach ag an dóspóid leis an mBallstát ina bhfuiltear os comhair na cúirte. Nuair nach mbíonn an cosantóir san Aontas, is cúiteamh air sin an dlínse a bheith ag an bhfóram ina bhfuil na sócmhainní suite. Tá a leithéid sin de riail i roinnt mhaith Ballstát agus tá de bhua aici go n-áirithíonn sí go bhféadfar breithiúnas a fhorghníomhú sa stát inar eisíodh é. Riail atá ann a oireann níos fearr d'fhealsúnacht ghinearálta Rialachán na Buiséile I (athmhúnlú) ná do rialacha eile maidir le dlínse choimhdeach arna bhforáil sna Rialacháin Trádmharcanna agus Dearaí thuasluaite a cheadaíonn imeachtaí a thabhairt in aghaidh cosantóirí tríú Stát, go háirithe, os comhair cúirteanna Ballstáit ina bhfuil sainchónaí ar an ngearánaí (*forum actoris*). Féadfaidh fóram sócmhainn-bhunaithe dlínse Chúirt Aontaithe na bPaitinní agus Chúirt Bhreithiúnais Benelux a áirithiú i gcásanna nach ndéanfaí foráil sna rialacha dlínse breise do dhlínse agus ina mbeadh dlínse mar í iomchuí. Mar shampla, maidir le Cúirt Aontaithe na bPaitinní, d'áiritheofaí le dlínse sócmhainn-bhunaithe go mbeadh dlínse ag an gCúirt *vis-à-vis* cosantóir ón Tuirc atá ag sárú paitinn Eorpach lena gcumhdaítear roinnt Ballstát agus an Tuirc.

3.4. Oibriú na rialacha i dtaobh *lis pendens* agus caingne gaolmhara maidir le Cúirt Aontaithe na bPaitinní agus Cúirt Bhreithiúnais Benelux ar thaobh amháin agus cúirteanna na mBallstát nach Páirtithe Conarthacha iad i gComhaontú CAP nó sa Phrótocal a ghabhann le Conradh Benelux 1965 ar an taobh eile.

Ina theannta sin, forordaítear leis an riail nua in Airteagal 71c go bhfuil na rialacha i dtaobh *lis pendens* agus caingne gaolmhara atá i Rialachán na Buiséile I (athmhúnlú) i bhfeidhm idir Chúirt Aontaithe na bPaitinní agus Chúirt Bhreithiúnais Benelux ar an taobh amháin agus cúirteanna Ballstát nach Páirtithe Conarthacha iad ar an taobh eile. Ar deireadh, forordaítear leis an Airteagal seo go bhfuil feidhm le rialacha Rialachán na Buiséile I (athmhúnlú) más rud é, le linn na hidirthréimhse dá dtagraítear in Airteagal 83(1) de Chomhaontú CAP, go dtugtar imeachtaí os comhair Chúirt Aontaithe na bPaitinní ar thaobh amháin agus os comhair cúirteanna náisiúnta Ballstát ar páirtithe i gComhaontú CAP iad ar an taobh eile.

3.5. Oibriú na rialacha i ndáil le haithint agus forghníomhú idir Ballstáit a bhfuil Comhaontú CAP daingnithe acu agus Ballstáit nach bhfuil Comhaontú CAP daingnithe acu

D'fhonn trédhearcacht iomlán a chruthú maidir le cur chun feidhme comhcheangailte agus comhleanúnach na gcomhaontuithe idirnáisiúnta faoi seach agus Rialachán na Buiséile I (athmhúnlú), ba cheart go ndéanfaí forordú i Rialachán na Buiséile I maidir leis an tslí a bhfeidhmeofar rialacha i dtaobh aithint agus forghníomhú Rialachán na Buiséile (athmhúnlú) sa chaidreamh idir Ballstáit ar Páirtithe Conarthacha iad sna comhaontuithe idirnáisiúnta agus Ballstáit nach Páirtithe Conarthacha iad sna comhaontuithe sin. Faightear forálacha cosúla in Airteagal 71 de Rialachán na Buiséile I (athmhúnlú) maidir le coinbhinsiúin idirnáisiúnta eile ar ábhair áirithe agus Airteagal 64 agus Airteagal 67 de Choinbhinsiún Lugano 2007 maidir le dlínse agus aithint agus forghníomhú breithiúnas in ábhair shibhialta agus tráchtála.

Dá bhrí sin, rialaíonn an tAirteagal 71d nua aithint agus forghníomhú breithiúnas ó Chúirt Aontaithe na bPaitinní agus ó Chúirt Bhreithiúnais Benelux i mBallstáit nach Páirtithe Conarthacha iad sna comhaontuithe idirnáisiúnta faoi seach, chomh maith le haithint agus forghníomhú breithiúnas a thugtar i mBallstáit nach Páirtithe Conarthacha iad sna

comhaontuithe sin in ábhair atá faoi réir ag na comhaontuithe sin ar gá iad a aithint agus a fhorghníomhú sna Ballstáit ar Páirtithe Conarthacha iad sna comhaontuithe idirnáisiúnta.

Togra le haghaidh

RIALACHÁIN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1215/2012 maidir le dlínse agus le haithint agus forghníomhú breithiúnas in ábhair shibhialta agus tráchtála

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 67(4) agus pointe (a), pointe (c) agus pointe (e) d'Airteagal 81(2) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na Parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa⁴,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an méid seo a leanas:

- (1) An 19 Feabhra 2013, shínigh Ballstáit áirithe Comhaontú maidir le Cúirt Aontaithe na bPaitinní (CAP). Foráiltear leis an gComhaontú sin nach dtiocfaidh sé i bhfeidhm roimh an chéad lá den cheathrú mí tar éis dháta theacht i bhfeidhm na leasuithe ar Rialachán (AE) Uimh. 1215 a bhaineann leis an ngaol idir na nithe deireanacha sin agus an Comhaontú.
- (2) An 15 Deireadh Fómhair 2012, shínigh na trí Bhallstát, ar pháirtithe conarthacha iad sa Chonradh an 31 Márta 1965 maidir le bunú agus reacht Chúirt Bhreithiúnais Benelux, Prótacal lena modhnaítear an Conradh sin, rud a chruthaigh an fhéidearthacht inniúlachtaí dlínse áirithe a thabhairt do Chúirt Bhreithiúnais Benelux in ábhair shonracha a thagann faoi raon feidhme Rialachán (AE) Uimh. 1215/2012.
- (3) Tá sé riachtanach rialú a dhéanamh ar an ngaol idir na comhaontuithe idirnáisiúnta thuasluaite agus Rialachán (AE) Uimh. 1215/2012.
- (4) Ba ceart glacadh le Cúirt Aontaithe na bPaitinní agus Cúirt Bhreithiúnais Benelux mar chúirteanna de réir bhrí an Rialacháin seo ionas go n-áiritheofar deimhneacht dhlíthiúil agus intuarthacht do chosantóirí a d'fhéadfaí a thabhairt os comhair na gcúirteanna sin i mBallstát atá difriúil ón gceann atá ainmnithe ag rialacha an Rialacháin seo.
- (5) Ba cheart go mbeadh an chumhacht ag Cúirt Aontaithe na bPaitinní agus ag Cúirt Bhreithiúnais Benelux dlínse a fheidhmiú maidir le cosantóirí nach bhfuil sainchónaí orthu i mBallstát. A mhéid a bhaineann sé le hábhair a thagann faoi dhlínse Chúirt Aontaithe na bPaitinní agus Chúirt Bhreithiúnais Benelux, ba cheart go mbeadh feidhm ag rialacha an Rialacháin seo maidir le cosantóirí a bhfuil sainchónaí orthu i Stáit nach Ballstáit den Aontas Eorpach iad. Áirithíonn na rialacha atá ann cheana maidir le dlínse go bhfuil dlúthnasc ann idir imeachtaí a bhfuil feidhm ag an Rialachán seo maidir leo agus críoch na mBallstát, rud a thugann bonn cirte cosantóirí, is cuma cén áit a bhfuil sainchónaí orthu, a chuimsiú faoi. Ina theannta sin, ba cheart don

⁴ IO C , , lch. .

Rialachán seo na cásanna a chinneadh inar féidir le Cúirt Aontaithe na bPaitinní agus Cúirt Bhreithiúnais Benelux dlínse choimhdeach a fheidhmiú.

- (6) Maidir leis na rialacha sa Rialachán seo i dtaobh *lis pedens* agus caingne gaolmhara, atá dírithe ar imeachtaí comhthreomhara agus breithiúnais atá bunoscionn lena chéile a sheachaint, ba cheart feidhm a bheith leo nuair a thugtar imeachtaí os comhair chúirteanna na mBallstát sin ina bhfuil feidhm ag na comhaontuithe idirnáisiúnta thuasluaite agus os comhair chúirteanna na mBallstát sin nach bhfuil feidhm leis na comhaontuithe seo iontu.
- (7) Maidir leis na rialacha sa Rialachán seo i dtaobh *lis pedens* agus caingne gaolmhara, ba cheart an fheidhm chéanna a bheith leo, más rud é le linn na hidirthréimhse dá dtagraítear in Airteagal 83(1) den Chomhaontú maidir le Cúirt Aontaithe na bPaitinní, go dtugtar imeachtaí a bhaineann le cineálacha áirithe díospóidí faoi phaitinní Eorpacha mar a shainmhínítear san fhoráil sin os comhair Chúirt Aontaithe na bPaitinní ar thaobh amháin agus os comhair cúirte náisiúnta Ballstáit ar Ballstát Conarthach é i gComhaontú CAP ar an taobh eile.
- (8) Ba cheart na breithiúnais ó Chúirt Aontaithe na bPaitinní agus ó Chúirt Bhreithiúnais Benelux a aithint agus a fhorghníomhú sna Ballstáit nach Ballstáit Chonarthacha iad sna comhaontuithe idirnáisiúnta faoi seach i gcomhréir leis an Rialachán seo.
- (9) Ba cheart leanúint leis na breithiúnais ó chúirteanna na mBallstát nach Ballstáit Chonarthacha iad sna comhaontuithe idirnáisiúnta faoi seach a aithint agus a fhorghníomhú sna Ballstáit eile i gcomhréir leis an Rialachán seo.
- (10) Ba cheart feidhm an Rialacháin seo tosú ag an am céanna le feidhm Rialachán (AE) Uimh. 1215/2012 le gur féidir le Comhaontú CAP teacht i bhfeidhm go cuí agus na hinniúlachtaí a aistriú go héifeachtach go Cúirt Bhreithiúnais Benelux.
- (11) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (AE) Uimh. 1215/2012 a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

- (1) I Rialachán (AE) Uimh. 1215/2012, cuirtear an abairt nua seo a leanas ag deireadh aithris 14:

"Ba cheart feidhm a bheith le rialacha dlínse aonfhoirmeacha ar neamhcead ar shainchónaí an chosantóra i gcásanna ina ndéanann cúirteanna is coiteann do roinnt Ballstát dlínse a fheidhmiú in ábhair a thagann faoi raon feidhme an Rialacháin seo"

- (2) Maidir le Rialachán (AE) Uimh. 1215/2012, cuirtear isteach Airteagal 71a, Airteagal 71b, Airteagal 71c agus Airteagal 71d seo a leanas:

"Airteagal 71a

1. Chun críocha an Rialacháin seo, is é a chiallaíonn cúirt is coiteann do roinnt Ballstát ("cúirt choiteann") cúirt Ballstáit nuair, de bhun an chomhaontaithe lena mbunaítear í, go bhfeidhmíonn sí dlínse in ábhair shibhialta agus tráchtála de réir bhrí an Rialacháin seo.
2. Chun críocha an Rialacháin seo, cúirt choiteann a beidh i ngach ceann acu seo leanas:
 - (a) Cúirt Aontaithe na bPaitinní arna bunú leis an gComhaontú maidir le Cúirt Aontaithe na bPaitinní a síníodh an 19 Feabhra 2013 ("Comhaontú CAP");

(b) Cúirt Bhreithiúnais Benelux arna bunú leis an gConradh an 31 Márta 1965 maidir le bunú agus reacht Chúirt Bhreithiúnais Benelux ("Comhaontú Benelux").

Airteagal 71b

Cinnfear dlínse cúirte coitinn mar seo a leanas:

1. Beidh dlínse ag an gcúirt choiteann más rud é, faoin Rialachán seo, i gcás cúirteanna Ballstáit ar páirtí é i gcomhaontú lena mbunaítear cúirt choiteann, go mbeidh dlínse acu in ábhar atá faoi réir ag an gcomhaontú sin.
2. Sa chás nach bhfuil sainchónaí ar an gcosantóir i mBallstát, agus nach dtugtar dlínse ina leith faoin Rialachán seo, beidh feidhm ag na forálacha i gCaibidil II amhail is dá mba rud é go raibh sainchónaí ar an gcosantóir i mBallstát. Beidh feidhm ag Airteagal 35 fiú má tá dlínse maidir le substaint an ábhair ag cúirteanna Stát nach Ballstáit iad.
3. Sa chás nach bhfuil sainchónaí ar an gcosantóir i mBallstát agus nach bhfuil dlínse ar bith ag cúirt Ballstáit faoin Rialachán seo, féadfar an dlí a agairt ar an gcosantóir sa chúirt choiteann:
 - a) má tá maoin de chuid an chosantóra lonnaithe i mBallstát ar páirtí é sa chomhaontú lena mbunaítear an chúirt choiteann;
 - b) nach luach neamhshuntasach atá ar an maoin sin i gcomparáid le luach an éilimh;
 - c) má tá nasc leordhóthanach ag an díospóid le Ballstát ar bith ar páirtí é sa chomhaontú lena mbunaítear an chúirt choiteann.

Airteagal 71c

1. Beidh feidhm ag Airteagal 29 go hAirteagal 32 má thugtar imeachtaí os comhair cúirte coitinn agus os comhair cúirt Ballstáit nach páirtí sa chomhaontú lena mbunaítear an chúirt choiteann é.
2. Beidh feidhm ag Airteagal 29 go hAirteagal 32 más rud é, le linn na hidirthréimhse dá dtagraítear in Airteagal 83(1) den Chomhaontú CAP, go dtugtar imeachtaí os comhair Chúirt Aontaithe na bPaitinní agus os comhair cúirte Ballstáit ar páirtí i gComhaontú CAP é.

Airteagal 71d

In ábhair a bhaineann le haithint agus le forghníomhú, beidh feidhm ag an Rialachán seo maidir le haithint agus le forghníomhú sna cásanna seo a leanas

- a) breithiúnais ó Chúirt Aontaithe na bPaitinní agus ó Chúirt Bhreithiúnais Benelux ar gá iad a aithint agus a fhorghníomhú i mBallstáit nach Páirtithe Conarthacha iad i gComhaontú Chúirt Aontaithe na bPaitinní ná i gComhaontú Benelux; agus
- b) breithiúnais a tugadh i gcúirteanna Ballstát nach Páirtithe Conarthacha iad i gComhaontú Chúirt Aontaithe na bPaitinní ná i gComhaontú Benelux agus ar gá iad a aithint agus a fhorghníomhú i mBallstáit ar Páirtithe Conarthacha sna Comhaontuithe sin iad.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm leis amhail ón 10 Eanáir 2015.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomláin agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstáit i gcomhréir leis na Conarthaí.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

Thar ceann Pharlaimint na hEorpa
An tUachtarán

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán